# info@ncca

ag tacú le teagasc agus foghlaim

## Difríocht

### Ag tacú le foghlaimeoirí aonair i ngrúpa

Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile
leathanach 10

Athbhreithniú ar Ábhair na Sraithe Sinsearaí
leathanach 16




An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | MEÁN FÓMHAIR 2006 | Eagrán 4

**an t-eagrán seo** / Oideachas Idirchultúrtha / Nuashonraí / Measúnú chun Foghlama / Cumarsáid le Tuismitheoirí / Difreáil **agus neart eile...**

NCCA

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# fáilte...

**... chuig an gceathrú heagrán de info@ncca ag tús scoilbhliana nua. Is am gnóthach do scoileanna é, ach is am mór dóchais agus ionchais é freisin mar cuirtear fáilte roimh dhaltaí nua ar scoil, agus filleann aghaidheanna a bhfuil aithne againn orthu beagáinín níos sine agus, tá súil againn, níos críonna.**

Roimh bhriseadh an tsamhraidh, ghlac roinnt agaibh páirt i dtaighde a rinne an tnsmrbi ar ár son, agus chuireamar bhur n-aiseolas san áireamh i bpleanáil an eagráin seo. Tuigimid anois gur maith libh cuir chuige praiticiúla maidir le saincheisteanna curaclaim agus measúnachta, agus go mbíonn na nuashonraí an-úsáideach daoibh. Dúirt cuid mhaith agaibh, áfach, go mbíonn deacrachtaí agaibh teacht ar chóipeanna den nuachtlitir – rud atáimid ag iarraidh a chur ina cheart. Tá cuntas ar na torthaí sin agus ar thorthaí eile in alt san eagrán seo, ach, fáilteoimid roimh aiseolas agus moltaí uaibh i gcónaí chun a chinntiú go leanann info@ncca de bheith úsáideach daoibh in bhur gcuid teagaisc.

Bhí an t-idirchultúrachas ar bharr liosta na n-ábhar ar theastaigh uaibh léamh fúthu agus tagann sé seo ag am tráthúil agus treoirlínte iarbhunscoile, *Oideachas Idirchultúrtha san Iarbhunscoil,* foilsithe. San eagrán seo, tugaimid roinnt leideanna ó na treoirlínte sin maidir le hábhair acmhainne a roghnú agus a úsáid. Fillimid ar an seomra ranga bunscoile freisin le heiseamláir shuimiúil a léiríonn nach bhfuil aon teorainn leis na deiseanna chun téamaí an ilchultúrachais a chur san áireamh sa churaclam.

Is réimse tábhachtach do mhúinteoirí é an difreáil anois, agus tugaimid forléargas ginearálta ar roinnt cur chuige chun rang iomlán a theagasc, agus tacú le foghlaimeoirí aonair san am céanna.

Imthosca nach bhfuil an-chuid taithí againn orthu, ach a bhfuil múinteoirí ag déileáil leo faoi láthair ina ranganna, ná daltaí agus scoláirí nach bhfuil an Béarla ná an Ghaeilge mar mháthairtheanga acu. Ghlacamar cur chuige praiticiúil chun straitéisí a mholadh ar féidir libh a úsáid chun tacú le páistí agus daoine óga atá ag foghlaim an Bhéarla mar theanga bhreise sa bhunscoil nó san iarbhunscoil. Ba bhreá linn bhur ndearcaí faoi na moltaí praiticiúla seo a chloisteáil, i dteannta aon smaointe breise uaibhse a bhíonn ag tabhairt aghaidhe ar an dúshlán seo.

Ar deireadh, tá súil againn gur lig sibh bhur scíth agus go bhfuil sibh réidh chun tabhairt faoin mbliain atá romhainn agus go mbainfidh sibh sult aisti. Déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go gcuirfidh info@ncca roinnt ábhar spéise agus taitnimh ar fáil daoibh i rith na bliana, chomh maith le leideanna a bheidh úsáideach daoibh sa seomra ranga.

John Hammond
LEAS-PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta



# céard atá san eagrán seo


| | |
|---|---|
| Nuashonraí | 4 |
| Oideachas idirchultúrtha | 6 |
| Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile | 10 |
| Litríocht Idirghníomhach na hArdteistiméireachta (LIA) | 11 |
| Ag cur na ceiste: measúnú chun foghlama | 12 |
| Cumarsáid le tuismitheoirí | 13 |
| Difreáil | 14 |
| Athbhreithniú ar ábhair na sraithe sinsearaí | 16 |
| An domhan in ár scoilne | 17 |
| Chun na hÍsiltíre linn | 18 |
| info@ncca: ag scrúdú na saincheisteanna | 20 |


## Ag tacú le teagasc agus foghlaim ...


Foilsítear **info@ncca** trí huaire sa bhliain, Meán Fómhair, Eanáir agus Aibreán.

Dáiltear cóipeanna ar mhúinteoirí i ngach bunscoil agus iarbhunscoil sa tír. Is féidir leaganacha leictreonacha den nuachtlitir, as Gaeilge agus as Béarla, a íoslódáil ónár láithreán gréasáin ag **www.ncca.ie**. Seol ríomhphost nó litir chugainn má theastaíonn cóipeanna breise de **info@ncca** ó do scoilse.

Fáiltímid roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.



Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Láithreán gréasáin: **www.ncca.ie**

Post: **An tEagarthóir, info@ncca,**
**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta,**
**24 Cearnóg Mhuirfean,**
**Baile Átha Cliath 2.**

# nuashonraí

Tuarascálacha agus tionscnaimh nua

## Treoirlínte idirchultúrtha

Foilsíodh teoirlínte ar Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil anuraidh agus anois tá na treoirlínte iarbhunscoile, *Oideachas Idirchultúrtha san Iarbhunscoil,* foilsithe agus ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM. Seolfar cóipeanna clóite agus dlúthdhiosca chuig scoileanna i nDeireadh Fómhair – agus, mar bharr air sin, tabharfar cóip chrua **do gach** múinteoir. Tá eolas agus leideanna breise ó na treoirlínte ar leathanach 6.




## Teimpléid de chártaí tuairisce

Léigh sibh in eagrán eile de info@ncca go raibh dréacht-Theimpléid de Chártaí Tuairisce á n-ullmhú ag an CNCM chun cabhrú le múinteoirí tuairisciú ar dhul chun cinn páistí. Beidh sibh in ann na dréacht-theimpléid sin a íoslódáil ó láithreán gréasáin na CNCM i nDeireadh Fómhair, agus fáilteoimid roimh bhur dtuairimí agus bhur moltaí faoin úsáid a bhain sibh astu. Beimid ag obair le múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí i roinnt scoileanna ar úsáid na dteimpléad sa scoilbhliain romhainn.

## Comhairliúchán ar threoir

Tá dréacht-chreat curaclaim, atá réidh anois le comhairliúchán a dhéanamh air, ullmhaithe ag coiste na CNCM um Threoir san oideachas iarbhunscoile. Is é aidhm na cáipéise creata ná cabhrú le scoileanna a gcláir threoracha a phleanáil chun freastal ar riachtanais scoláirí sa réimse rí-thábhachtach sin dá saolta scoile. Scaipfear an cháipéis chomhairliúcháin ar scoileanna agus comhlachtaí ionadaíochta, lena n-áirítear grúpaí tuismitheoirí, scoláirí, pobail agus gnó, chun tuairimí agus moltaí a fháil.

## Teanga agus litearthacht

Más múinteoir i mbunscoil nó iarbhunscoil ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán tú, nó más múinteoir in iarbhunscoil ina bhfuil an Béarla mar mheán tú a bhíonn ag teagasc scoláirí a d'fhreastail ar bhunscoil trí mheán na Gaeilge, seo deis duit do thuairim a thabhairt ar theanga agus litearthacht sna bunscoileanna sin.

Líon an suirbhé ar líne ag **www.ncca.ie.** Féadfaidh tú pdf den cheistneoir a íoslódáil agus a chló más fearr leat cóip chrua.

Is féidir le páistí i rang a cúig agus rang a sé, agus scoláirí iarbhunscoile a d'fhreastail ar bhunscoil trí mheán na Gaeilge, an cheistneoir a líonadh amach freisin.

Má theastaíonn uait aighneacht a dhéanamh mar fhreagra ar *Teanga agus Litearthacht i mBunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar Mheán: Cuntais ar chleachtas,* ná déan dearmad gurb é an **Aoine 29ú Meán Fómhair, 2006 an dáta deiridh** ar a nglacfar le haighneachtaí.

## Gaeilge iarbhunscoile.

Tá an CNCM ag forbairt plépháipéir ar sholáthar curaclaim don Ghaeilge san oideachas iarbhunscoile a fhoilseofar le linn na chéad téarma den scoilbhliain seo. Tuairiscíodh ar an gcéad chéim den *Athbhreithniú ar Theangacha san Oideachas Iarbhunscoile* in 2005, agus is freagra é an páipéar seo ar chúiseanna imní a tháinig chun cinn sa tuairisc sin. Cúis imní ar leith ná gurb é an curaclam céanna atá ar fáil chun freastal ar riachtanais foghlama Gaeilge na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge mar dhara teanga.

Leanfaidh tréimhse chomhairliúcháin foilsiú an phlépháipéir agus le linn na tréimhse sin beidh sibh in ann bhur ndearcaí agus tuairimí ar mholtaí an pháipéir a roinnt linn.

## Guth an scoláire

Tionóladh cruinniú de rannpháirtithe tionscadail CIDREE *Including the student voice in curriculum development and review* i gCorcaigh san Aibreán seo caite. D'fhéach na hionadaithe a bhí i láthair ar shraith de chás-staidéir a dhéanann cur síos ar thionscnaimh churaclaim inar thacaigh dearcaí agus léargais scoláirí go suntasach


Grianghraf: Patricia Leavey



Grianghraf: Paul Kelly / Studio 3

leo. Bhí tionscadail aonair ó Shasana, ón mBreatain Bheag, ón Ísiltír, ón Ungáir agus ó Éirinn ann. Faoi láthair, táimid ag féachaint ar na gnéithe rathúla sa réimse seo agus beimid ag cur tuairisce le chéile a chuirfear faoi bhráid Chomhthionól Ginearálta CIDREE (Cuibhreannas Institiúidí um Fhorbairt an Taighde ar Oideachas) i mí na Samhna.

## Athbhreithniú ar an Matamaitic

Tá an tuairisc chomhairliúcháin ar an *Athbhreithniú ar an Matamaitic* ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM. Phléigh an Chomhairle moltaí faoi fhorbairtí sa mhatamaitic iarbhunscoile sa Mheitheamh; cuirfear moltaí nuashonraithe faoina bráid i mí Mheán Fhómhair agus tosófar ar an obair athstruchtúraithe agus athbhreithnithe i nDeireadh Fómhair.

Bunófar Bord Staidéar don mhatamaitic agus tabharfar na coistí cúrsa le chéile arís chun an obair a chur chun cinn. Beidh nuashonraí na bhforbairtí ar leathanach an láithreáin ghréasáin a bhaineann leis an Athbhreithniú ar an Matamatic.

## Curaclam Ar Líne

Ní shamhlófar pian le pleanáil don scoilbhliain nua níos mó! Téigh chuig Churaclam ar Líne ag **www.curriculumonline.ie** mar a bhfuil cáipéisí curaclaim, na siollabais uile agus na treoirlínte do mhuinteoirí á stóráil ar láithreán gréasáin amháin ag an CNCM. Is féidir cuardach iomlán a dhéanamh air, tá sé éasca é a úsáid, agus is acmhainn iontach é daoibhse ar maith libh gach rud a choinneáil in áit amháin ina mbíonn sé éasca teacht air.

Tá saibhreas faisnéise ann le léamh ar líne, nó píosaí a roghnú de réir do riachtanas féin trí ghearradh/cóipeáil agus greamú, agus é a choinneáil ar do ríomhaire nó a chló – nó an dá rud!

## Tuairisc taighde

Tá an dara tuairisc ón Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta (ESRI) faoi thaithí scoláirí ar an tsraith shóisearach foilsithe ag The Liffey Press. Is cuid í an tuairisc *Pathways through the Junior Cycle: the experiences of second year students,* de thionscadal mór taighde a leanfaidh grúpa 900 scoláire in 12 scoil ó d'aistrigh siad go dtí an iarbhunscoil go gcríochnóidh siad an Teastas Sóisearach. Dhírigh an chéad tuairisc, *Moving Up,* a foilsíodh in 2004, ar thaithí scoláirí na chéad bliana.



Baineann Céim 2 den taighde lena dtaithí ar an dara bliain agus cuimsíonn sé na téamaí seo, mar shampla:

- taithí scoláirí ar ábhair agus rogha ábhar
- leithroinnt scoláirí ar ghrúpaí ranga agus tionchar an tsruthaithe agus grúpáil de réir inniúlachta ar ionchais mhúinteoirí agus scoláirí agus féinmheas na scoláirí
- dearcaí scoláirí ar theagasc maith
- idirghníomhaíocht leis an gcuraclam
- dearcaí scoláirí ar an scoil agus mar a athraíonn siad thar am

Tá achoimrí gairide inléite den chéad agus den dara tuairisc le híoslódáil ag **www.ncca.ie.** Ní mór do chinn bhlianta, baill fhoirne tréadaí, múinteoirí, tuismitheoirí agus gach duine a dhéanann iarracht an tsraith shóisearach a dhéanamh dearfach agus úsáideach do scoláirí, iad a léamh.

**Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar na tionscnaimh atá luaite anseo ach cuairt a thabhairt ar ár láithreán gréasáin www.ncca.ie. Seol do thuairimí ar info@ncca nó do mholtaí maidir le topaicí le cur san áireamh chugainn ag: newsletter@ncca.ie.**

# Oideachas Idirchultúrtha

## .... sa Bhunscoil

**Agus na sceitimíní a bhaineann le bheith ar ais ar scoil le rang nua ag sleamhnú uait, b'fhéidir go mbeidh rud éigin nua agus éagsúil á lorg agat le déanamh le do rang a chloífidh leis an gcuraclam agus nach gcuirfidh am luachmhar ranga amú. Nó b'fhéidir go mbeidh téamaí suimiúla nua á lorg agat chun roinnt réimsí curaclaim a nascadh. Féach arís ar *Oideachas Ilchultúrtha sa Bhunscoil: Treoirlínte do Scoileanna.* Tá go leor smaointe sna treoirlínte ar conas is féidir téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh agus aghaidh á tabhairt ar chuspóirí Churaclam na Bunscoile ag an am céanna.**

Slí éasca le tús a chur le húsáid na dtreoirlínte ná ceann de na heiseamláirí suimiúla a chuireann go leor smaointe spéisiúla ar fáil don mhúinteoir a úsáid. Níl aon áireamh ar na féidearthachtaí as sin amach!

Cabhraíonn an fhilíocht le páistí scileanna mothúchánacha agus samhlaíochta a fhorbairt trí mheán na teanga. Is féidir tosú leis an eiseamláir seo tríd an dán a léamh mar chuid den churaclam Béarla le roinnt de na gnáth-phléphointí a aithníonn an curaclam – cuspóir an dáin, an bhrí níos doimhne a lorg, taitneamh a bhaint as tionchar na ríme agus na rithime, tionchar samhalacha agus meafar a aithint agus féachaint ar thionchar na huama, na honamataipé, na comhfhuaime agus an íomháineachais.



### All the Ones They Do Call Lowly

Garter snake, garter snake, you hurt no one;
You move on so gracefully through the grass.
Garter snake, garter snake, I'll be your friend
And not run away as you pass.

Grasshopper, grasshopper hopping so high
Away from our crazy feet close to you;
Grasshopper, grasshopper, I'll be your friend;
I wish I could hop as high as you.

Speckled frog, speckled frog, I like your pad;
I don't believe I'll catch warts from you.
Speckled frog, speckled frog, I'll be your friend;
Why should I be frightened of you?

Wriggly worm, wriggly worm, get back inside -
A robin is waiting to take you home;
Wriggly worm, wriggly worm, I'll be your friend;
Above ground you'll be not alone.

All the ones that they do call lowly,
That do no harm to you or me -
Each will be my secret buddy
On grass and water, sand and tree.

*David Campbell*



info@ncca

## All the ones they do call lowly

***Ó Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil - Treoirlínte do Scoileanna***

Eiseamláir 18 – lgh 145-146
Oiriúnach do ranganna 1 go 4

### Gníomhaíocht Tosaigh

**Béarla**
Léigh an dán, pléigh cuspóir an dáin, úsáid focal chun tionchar áirithe a bhaint amach, tionchar rithime agus ríme, samhalacha agus meafar.

Ceistigh na páistí faoina n-eispéiris le froganna, nathracha agus péisteanna. An bhfuil siad uile diúltach? Cén fáth? Pléigh conas a bhaineann na véarsaí éagsúla lenár ndearcaí i leith daoine.

- An rithimid ó dhaoine áirithe?
- An dtugaimid neamhaird ar dhaoine áirithe agus an gceapaimid nach bhfuil tábhacht leo?
- An bhfuil eagla orainn roimh dhaoine áirithe?
- An féidir linn cabhrú le daoine atá ina n-aonra nó uaigneach?

Naisc a dhéanamh: **Eolaíocht**

Déan taighde ar gach ainmhí – a g(h)náthóg, a nósanna, a ról sa nádúr.

Cad iad a thréithe dearfacha? Conas atá an t-ainmhí sin mar chara againn?

Naisc a dhéanamh: **Ealaíon**

Déan léiriú radharcach ar an taighde a chuirfidh tréithe dearfacha an ainmhí in iúl

Pléigh na cuir i láthair

Naisc a dhéanamh: **OSPS**

Pléigh conas a bhaineann na híomhánna agus na meabhruithe sin lenár ndearcaí faoi dhaoine eile – go háirithe iad siúd a cheapaimid atá difriúil.

**Téamaí idirchultúrtha**

- Féiniúlacht agus muintearas
- Cosúlacht agus difríocht
- Idirdhealú agus comhionannas

**Gníomhaíochtaí breise eile**

Conas is féidir é a nascadh le réimsí eile curaclaim?
**Féach ar Chaibidil 4** (lgh 88 – 131) do dheiseanna trasna an churaclaim. An bhfuil aon amhráin nó dánta eile ar féidir liom a úsáid mar seo?

## Conas a chuireann gníomhaíocht mar seo le hoideachas idirchultúrtha?

Cuireann dánta, scéalta agus amhráin deis iontach ar fáil dúinn normáltacht na difríochta a iniúchadh. Sa chás seo, déantar difríocht a iniúchadh trí fhéachaint ar agus labhairt faoi na hainmhithe éagsúla agus ár réamhthuairimí fúthu.

- Is féidir linn na miotais a chloisimid faoi fhroganna (cúisíonn siad faithní!) a úsáid chun claontacht agus stéiréitíopáil a phlé.
- Féadtar é a úsáid chun tuiscint pháistí ar a gcosúlacht le daoine difriúla a chothú agus a léiriú dóibh go mbaineann luach le daoine atá difriúil.
- Féadtar é a úsáid chun ionbhá agus freagairt mhothúchánach dhearfach a chothú do dhaoine a ndéantar idirdhealú orthu.

## Eiseamláirí eile ar féidir a úsáid

- Cé hí Pocahontas i ndáiríre? (lch 48)
- Féachann sé ar na bealaí éagsúla le fianaise stairiúil a chur i láthair agus cuireann sé deis iontach ar fáil chun claontacht agus stéiréitíopáil a phlé.
- Na chéad imprisin (lch 71)
- Cabhraíonn sé le pásití smaoineamh ar conas is féidir le híomhánna radharcacha dul i bhfeidhm ar an mbealach ina bhféachann siad ar dhaoine agus an domhan
- Nkosi Sikelel' iAfrica
- Féadtar é seo a úsáid chun cabhrú le páistí sult a bhaint as raon stíleanna ceoil, lena n-áirítear ceol tíre ó chultúir eile. Bainfidh siad taitneamh as an amhrán a fhoghlaim agus is túsphointe maith é d'obair ranga ar chearta an duine agus ciníochas.

Tá go leor eiseamláirí suimiúla eile agus faisnéis úsáideach i do chóip d'*Oideachas Ilchultúrtha sa Bhunscoil.* Mura féidir leat teacht ar do chóip anois, téigh chuig **www.ncca.ie** chun leagan PDF a fháil.

# .... san Iarbhunscoil

**Más cuspóir tábhachtach oideachais é daoine óga a ullmhú do na dúshláin a bhaineann le maireachtáil sa lá atá inniu ann, is cuid riachtanach den phróiseas é an t-oideachas idirchultúrtha. Ní hábhar eile curaclaim é, ná níor cheart gurb ea; is cur chuige oideachais é ar féidir a úsáid sna réimsí ábhair uile.**

## Buntáistí an oideachais idirchultúrtha

Tá cultúr agus eitneachas ag gach scoláire. Is cuid lárnach den fhéinmheas agus den fhéiniúlacht é foghlaim conas luach a chur ar a gcultúr agus ar a n-eitneachas féin. Cabhraíonn an t-oideachas idirchultúrtha leis na scoláirí luach a chur ar a n-oidhreacht féin agus ar oidhreacht daoine eile. Baineann go leor buntáistí leis.

- Cothaíonn sé fiosracht faoi dhifríocht chultúrtha agus shóisialta.
- Cabhraíonn sé le forbairt agus tacú na samhlaíochta tríd an difríocht a normálú.
- Cabhraíonn sé le scoláirí a scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt trí chur ar a gcumas peirspictíocht a fháil ar a gcleachtais chultúrtha féin agus iad a cheistiú.
- Cabhraíonn sé le híogaireacht agus ionbhá a fhorbairt.
- Cabhraíonn sé le hidirdhealú agus ciníochas a chosc.

## Ábhair acmhainne a roghnú

Tá na teachtaireachtaí a bhíonn i dtimpeallacht fhisiciúil an tseomra ranga an-tábhachtach agus bíonn tionchar mór ag na téacsleabhair agus na hacmhainní a úsáidimid ar dhearcaí na scoláirí. D'fhéadfadh téacsleabhar a bheith claonta ar roinnt bealaí, mar shampla, trí neamhchruinneas, stéiréitíopáil, rudaí a fhágáil amach nó a athrú nó trí theanga chlaonta a úsáid. Is scil thábhachtach é bheith in ann claontacht a aithint agus


### Céard atá i gceist againn le ciníochas?

**Creideamh go bhfuil**

- cultúr amháin níos fearr nó níos measa ná cultúr eile
- cultúr amháin cianársa nó nach mbaineann luach leis

**Áirítear ar chleachtais**

- daoine a imghabháil
- drochainmneacha a thabhairt
- scríobh ar bhallaí
- foréigean




**Áirítear ar idirdhealú indíreach**

- critéir iontrála nach gceadaíonn saol siúlach
- úsáid tástálacha caighdeánaithe nach bhfuil normálaithe don mhionlach eitneach sin
- soláthar seirbhíse a fhorbairt nach léiríonn ach cultúr agus féiniúlacht an phríomhphobail
- easpa gnímh dhearfaigh chun comhionannas a chur chun cinn
- easpa saineolais nó oiliúna gairmiúla chun déileáil le héagsúlacht san eagraíocht
- easpa de bhailiú córasach sonraí ar thionchar beartas ar ghrúpaí mionlaigh
- easpa saoráidí úsáideacha chun comhairliúchán a dhéanamh le grúpaí mionlaigh agus chun éisteacht leo.


Grianghraf: Paul Kelly / Studio 3

cabhraíonn sé le scoláirí a bheith ina léitheoirí criticiúla. Féadtar an scil sin a chothú, ní hamháin maidir le léamh leabhar ach i 'léamh' an idirlín, scannán, fístéipeanna agus meán eile.

## Seicliosta chun acmhainní a roghnú agus a úsáid

- An úsáideann an acmhainn eiseamláirí, scéalta agus íomhánna a léiríonn raon leathan cultúr?
- An dtugann na híomhánna léiriú cruinn ar ghnáthshaol daoine sa lá atá inniu ann?
- An léirítear grúpaí eitneacha mionlaigh agus daoine ó thíortha eile ar bhealaí steiréitíopacha? Mar shampla, an léirítear na hAfracaigh ag maireachtáil i mbochtaineacht den chuid is mó?
- An léirítear grúpaí áirithe i dtéarmaí a mballraíocht den ghrúpa sin amháin? Mar shampla, an dtaispeántar an Lucht Siúil i ngnáth-imthosca nó i dtéarmaí saincheisteanna mionlaigh amháin?
- An bhfuil faisnéis nó scéalta san acmhainn a leagann béim ar shaincheisteanna idirchultúrtha?
- An léirítear baill mhionlaigh eitneacha nó daoine faoi mhíchumas i dtimpeallachtaí éagsúla?
- An léirítear daoine a aithníodh as ionchur dearfach inár ndomhan, cosúil le heolaithe, staraithe, polaiteoirí agus eile, ó ghrúpaí eitneacha éagsúla?

Má tá an pheirspictíocht teoranta sna téacsanna nó sna hacmhainní atá in úsáid agat, d'fhéadfadh sé sin ann féin a bheith ina acmhainn luachmhar. Trí cheist a chur faoi na peirspictíochtaí nach dtugtar agus conas a d'fhéadfaí an t-ábhar céanna a chur i láthair ar bhealach eile, is féidir acmhainn na scoláirí a bheith criticiúil faoin mbealach ina gcuirtear faisnéis ar fáil dóibh a mhéadú.

Tá tuilleadh faisnéise orthu seo a leanas:

- acmhainní
- fáiltiú scoláirí nua
- tacú le foghlaim dara teanga
- oideachas idirchultúrtha a chuimsiú i do phleanáil agus do theagasc sa seomra ranga
- oibriú le hábhair eiseamláire, agus níos mó...

Féach ar *Oideachas Idirchultúrtha san Iarbhunscoil* ag **www.ncca.ie** nó i do chóip phearsanta féin (ar a bhealach chugat i nDeireadh Fómhair).



# Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile

## Breithniú ar OSPS, Gaeilge agus Eolaíocht

**D'fhoghlaimíomar go leor faoi bhur n-eispéiris le curaclaim an Bhéarla, na hAmharcealaíona agus na Matamaitice sa chéad chéim den Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile 2003/2004. Foilsíodh tuairisc an athbhreithnithe sin in 2005 agus seoladh achoimre na torthaí chuig gach scoil. Seo a leanas roinnt bealaí inar fhreagair an CNCM do na torthaí.**

- **Béarla** – seoladh ábhar tacaíochta breise ar struchtúr an Churaclaim Bhéarla chuig gach múinteoir.
- **Idirghníomhaíocht le tuismitheoirí** – chruthaigh agus dháil an CNCM DVD do thuismitheoirí: *Foghlaim leanaí sa bhunscoil: Céard, Cén Fáth agus Conas?* chun cabhrú leo tacú le foghlaim a bpáiste sa bhunscoil. Tá acmhainn faisnéise gréasánbhunaithe forbartha againn freisin do scoileanna le húsáid agus iad i mbun cumarsáide le tuismitheoirí (alt san eagrán seo).
- **Modhanna teagaisc agus foghlama** – tá láithreán gréasáin nua á fhorbairt a chuirfidh tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí agus iad ag obair leis na cuir chuige agus modheolaíochtaí teagaisc éagsúla.
- **Measúnacht** – tá dréacht-theimpléid de chártaí tuairisce agus treoirlínte faoi mheasúnacht á bhforbairt (nuashonra san eagrán seo).

Anois, táimid chun tosú ar Chéim 2 den athbhreithniú. An uair seo, beimid ag féachaint ar OSPS, Gaeilge agus Eolaíocht. Toisc go bhfuil Curaclam na Gaeilge á theagasc le ceithre bliana ar a laghad anois, agus na hábhair eile le trí bliana, is am maith dúinn é labhairt le múinteoirí faoi bhur n-eispéiris leo.

### Céard atá i gceist leis an athbhreithniú seo?

Féachaint ar an staid reatha atá in athbhreithniú mar seo i ndáiríre. Breithniú ar conas mar a chuimsíonn múinteoirí aonair na trí ábhar seo sa churaclam, agus mar atá an curaclam ag dul i bhfeidhm ar fhoghlaim pháistí i bhfíor-sheomraí ranga. Baileofar faisnéis ó líon mór múinteoirí ar fud na tíre. Tabharfar cuireadh do na múinteoirí sin a n-eispéiris le húsáid an churaclaim sna trí ábhar a roinnt linn trí staidéar teimpléid mhúinteora (ag baint úsáide as ceistneoir) agus trí chás-staidéar scoile a bhainfidh le múinteoirí, príomhoidí, páistí agus tuismitheoirí.

### Cén fáth a bhfuil gá leis?

Cé go raibh gnéithe den Eolaíocht agus den OSPS á dteagasc i seomraí ranga timpeall na tíre roimh sheoladh Churaclam na Bunscoile in 1999, tá an dá ábhar sách nua fós. Leagann curaclam na Gaeilge béim láidir ar an gcur chuige cumarsáide. I ndiaidh oiliúint inseirbhíse agus roinnt blianta ag teagasc na n-ábhar, déanann sé ciall a fháil amach cé na gnéithe díobh ar éirigh go maith leo agus cé na dúshláin a bhain leo do mhúinteoirí.




info@ncca

## Céard a tharlóidh mar thoradh ar an athbhreithniú?

Mar a tharla i gCéim 1, úsáidfidh an CNCM torthaí an athbhreithnithe chun tacaí breise do mhúinteoirí a aithint, a fhorbairt agus a chur ar fáil do scoileanna chomh luath agus is féidir. Lena chois sin, ceiliúrfar dea-chleachtais trí fhaisnéis ar na cuir chuige ar éirigh go maith leo do mhúinteoirí a scaipeadh. Má fhaighimid amach le linn an athbhreithnithe nach bhfuil ag éirí le gnéithe den churaclam, féachfaimid arís ar an méid a forbraíodh i 1999.

## Cé a bheidh páirteach san athbhreithniú an uair seo?

Tá sampla de 170 scoil, atá ionadaíoch ar na cineálacha éagsúla scoile, curtha le chéile ag an Ionad Taighde Oideachais (ERC). Má tá tú ar fhoireann na scoileanna sin, gheobhaidh tú féin agus do chomhghleacaithe cuireadh ón CNCM páirt a ghlacadh sa staidéar theimpléid mhúinteora i mí Mheán Fhómhair/Dheireadh Fómhair. Beidh an chuid seo den staidéar ar siúl ó mhí na Samhna go Feabhra. Tabharfar cuireadh do ghrúpa samplach níos lú de scoileanna páirt a ghlacadh sa chás-staidéar scoile amach sa scoilbhliain.

## Agus mura roghnaítear mo scoilse, an féidir liom cur leis an athbhreithniú?

Gan amhras! Ba bhreá linn cloisteáil faoi d'eispéiris. Is féidir leat páirt a ghlacadh trí mheán saoráide ar líne. Beidh fáil ag múinteoirí aonair ar an teimpléad múinteora ar láithreán gréasáin na CNCM ó Dheireadh Fómhair ar aghaidh. Ar deireadh, cabhróidh torthaí an athbhreithnithe le feabhas a chur ar fhoghlaim agus teagasc sna scoileanna uile, agus beidh tacaí curaclaim níos fearr do gach aon mhúinteoir mar thoradh air freisin.

Tá na teimpléid úsáideach leis toisc go gcabhraíonn siad leat machnamh ar theagasc agus ar fhoghlaim na dtrí ábhar seo i do sheomra ranga féin. Cabhróidh na ceisteanna a chuirfimid leat smaoineamh ar na rudaí atá rathúil, na dúshláin atá romhat, agus na gnéithe de na trí ábhar ar mian leat tosaíocht a thabhairt dóibh i do sheomra ranga i mbliana.

## Cár féidir liom níos mó eolais a fháil?

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**, nó fón: 01 661 71777

> **“Toisc go bhfuil Curaclam na Gaeilge á theagasc le ceithre bliana ar a laghad anois, agus na hábhair eile le trí bliana, is am maith dúinn é labhairt le múinteoirí faoi bhur n-eispéiris leo.”**

# LIA Acmhainn idirghníomhach do mhúinteoirí Gaeilge

Tá láithreán gréasáin ilmheáin idirghníomhach *LIA (Litríocht Idirghníomhach na hArdteistiméireachta)* á fhorbairt ag an CNCM i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE) chun tacú le teagasc agus foghlaim litríocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Ábhar tacaíochta breise atá ann do na *Treoirlínte mar thaca le múineadh an chúrsa leasaithe litríochta* (2004).

Chun tús a chur le forbairt ábhar an láithreáin, coimisiúnaíodh roinnt múinteoirí chun eiseamláirí de chleachtas seomra ranga a fhorbairt a léireodh cuir chuige agus modheolaíochtaí nuálacha éagsúla do theagasc agus foghlaim filíochta, próis agus scannáin. Tá raon tuairimí agus gníomhaíochtaí ranga sna heiseamláirí; rogha d'acmhainní fuaime agus amhairc; bileoga oibre agus cluichí idirghníomhacha agus neamhidirghníomhacha.

Cé go bhfuil na hábhair bunaithe ar na téacsanna ainmnithe reatha, tá sé d'aidhm acu cuir chuige éagsúla maidir le teagasc na litríochta Gaeilge ag leibhéal iarbhunscoile a léiriú do mhúinteoirí.

Beidh an láithreán gréasáin *LIA* díneamac agus orgánach le saoráid do mhúinteoirí a dtuairimí agus gníomhaíochtaí seomra ranga féin a fhorbairt, a sheoladh isteach agus a roinnt lena gcomhghleacaithe. Beidh roinnt de na hacmhainní ar fáil beo ar an Idirlíon ach beidh fáil ar a bhformhór le híoslódáil agus le húsáid ar do ríomhaire féin.

Seolfar an láithreán gréasáin *LIA*, a bheidh ar fáil trí ScoilNet **(www.scoilnet.ie/lia),** an téarma seo, agus beidh sé ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM faoi *Curaclam agus Measúnacht ag Obair* nuair a sheolfar é sin.

# Ag cur na ceiste

## Measúnú chun Foghlama

De réir Mike Hughes, údar *Closing the Learning Gap,* is í an cheist ar chóir do gach múinteoir a chur ag deireadh gach ceachta ná: *'Céard a d'fhoghlaim siad?'* Is ceist shuimiúil í, ach níl sí éasca le freagairt. Mar a chomhairligh maoirseoir do mhúinteoir faoi oiliúint uair amháin:

> **"Ná déan dearmad, bíonn siad i gcónaí ag foghlaim; b'fhéidir nach mbíonn siad ag foghlaim an ruda a cheapann tú atá á theagasc agat, ach bíonn siad i gcónaí ag foghlaim!"**

Leagann Measúnú chun Foghlama (McF) go leor béime ar mhúinteoirí agus scoláirí a bheith ag cur ceisteanna, agus spreagann sé sinn chun éagsúlacht cheisteanna a chur ar scoláirí. Tá taithí againn uile ar cheisteanna dúnta agus oscailte. *'Céard í príomhchathair na hÉireann?'* Is sampla maith í sin de cheist dhúnta, mar tá freagra fíorasach amháin uirthi. *'Conas, dar leat, a mhothódh muintir Chorcaigh faoi sin?'* Ní ceist dhúnta í sin mar spreagann sí freagra níos tuairimí!

Mar sin, seo roinnt smaointe suimiúla ar féidir leat a úsáid agus ceisteanna á gcur agat – straitéis mhaith ná ceann a roghnú a bhaineann le hobair ranga, triail a bhaint aisti i rang (aon rang) agus aird a thabhairt ar a tionchar.

### Úsáid tréimhse feithimh níos faide...

Is é an 'tréimhse feithimh' an méid ama ciúin a fhágann (a chruthaíonn) múinteoir sula nglacann sé/sí le freagra ar cheist. Mar sin, an chéad uair eile a chuireann tú ceist oscailte (a thosaíonn le *'cén fáth a cheapann tú...'* nó *'an féidir leat cúiseanna a thabhairt ...'* srl), cinntigh go bhfágann tú tréimhse feithimh 3 go 5 shoicind sula nglacann tú le freagraí. Níl an chuma air gur tréimhse fhada í, ach tá sí níos faide ná mar a fhanann ár bhformhór le freagra sula dtugaimid leideanna breise, nó freagra na ceiste fiú! Is í an aidhm atá agat leis seo ná scoláirí a spreagadh chun freagraí níos tuairimí a thabhairt. Bealach amháin chun cur leis an seans go bhfaighidh tú freagraí mar sin ná iarraidh ar scoláirí roinnt pointí tuairimeacha a bhreacadh síos sula bhfreagraíonn siad.

### Cosc ar lámha ...

I dteannta an tréimhse feithimh níos faide, is féidir a chinntiú go ndéanann scoláirí machnamh níos mó ar na ceisteanna oscailte a chuireann tú (go háirithe sna ranganna is sóisearaí) trí chosc a chur orthu a lámha a chur in airde nuair a theastaíonn uathu freagra a thabhairt. Roghnaíonn tusa an freagróir. Bíonn dhá thionchar aige sin; coscann sé na gnáthfhreagróirí ó fhreagra a thabhairt i gcónaí, agus cinntíonn sé go n-éisteann na daoine eile sa rang leis an bhfreagra rud beag níos cúramaí.

### Cuir ceisteanna agus an teagasc ar intinn...

Is smaoineamh maith é ó am go ham iarraidh ar scoláirí a shamhlú go mbeidh siad ag teagasc ábhair do dhuine níos óige agus a bheith ag smaoineamh ar na ceisteanna a chuirfeadh an duine sin. Má oireann obair ghrúpa duit (agus do scoláirí) is féidir leat iarraidh orthu a bhfreagraí ar na príomhcheisteanna sin a roinnt ar a chéile.

### Ar deireadh, bain triail as seo ar feadh cúig nóiméad...

Is fiú roinnt príomhcheisteanna a chur ort féin faoi fhoghlaim do scoláirí. Mar sin, le cupán caifé i do ghlaic (roghnach!), smaoinigh ar aon ghrúpa ranga atá agat agus cuir an cheist seo a leanas ort féin: *'Céard a dhéanann foghlaimeoirí rathúla nó éifeachtúla nach ndéanann na foghlaimeoirí eile, nó nach ndéanann siadsan chomh maith céanna?'* Is fearr, de ghnáth, díriú ar roinnt foghlaimeoirí aonair sa rang – foghlaimeoir rathúil agus foghlaimeoir nach bhfuil chomh rathúil sin. Ná bac le "Tá A níos éirimiúla ná B"; ina ionad féach ar na patrúin nó nósanna foghlama atá forbartha acu agus na patrúin nó nósanna ar mhaith leat a spreagadh nó a fhorbairt iontu. Níl sé chomh héasca agus a cheapfá ... Spreagann McF sinn chun breathnú ní hamháin ar ***céard*** atá á fhoghlaim ag ár scoláirí ach ar ***conas*** a fhoghlaimíonn siad, agus a bheith ar an aird faoi sin. Is rud maith é aon rud a chuireann leis an aird sin.

# Cumarsáid le tuismitheoirí

## Acmhainn nua ar féidir í a oiriúnú

**An raibh sé ar intinn agat riamh bileog nó leabhrán eolais a sheoladh chuig thuismitheoirí leanaí i do scoil/ rang ag tús na scoilbhliana? Is am maith é chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi a mbeidh le foghlaim ag a leanbh sa rang nua, sa chaoi go bhféadfaidís tacú leis an bhfoghlaim sin sa bhaile. B'fhéidir gur mhaith leat eolas praiticiúil do thuismitheoirí a chur isteach i do bhileog nó leabhrán eolais chomh maith, mar shampla dátaí dúnta na scoilbhliana nó na caíonna is fearr chun teagmháil a dhéanamh leatsa, an múinteoir. Rud suimiúil duit ná go bhfuil acmhainn faisnéise do scoileanna forbartha ag an CNCM a chabhróidh leat é sin a dhéanamh.**

### Céard é?

Sa Bhealtaine, fuair do scoil an DVD do thuismitheoirí *Foghlaim Leanaí sa Bhunscoil Céard, Cén fáth agus Conas?* agus tá súil againn go bhfuil sé áisiúil duit. Chomh maith leis an DVD, d'fhorbair an CNCM acmhainn faisnéise ar féidir le scoileanna leas a bhaint as ar bhealaí éagsúla chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoi fhoghlaim a leanaí.

Ceann de na príomhthosaíochtaí a bhí againn agus é seo á fhorbairt againn ná go mbeadh scoileanna in ann é a oiriúnú dóibh féin. Toisc nach féidir an leibhéal inmholta oiriúnaithe a chur ar fáil ach trí fhormáid gréasánbhunaithe, is ar ár láithreán gréasáin amháin atá sé ar fáil. Féadann scoileanna é a úsáid mar leabhrán (do thuismitheoirí uile na scoile) nó mar bhiloeg eolais (do thuismitheoirí na leanaí i rang áirithe). Trí chuid atá ann.

- Tugann **Cuid A** forléargas ar céard agus conas a fhoghlaimíonn leanaí, agus na cuir chuige agus modheolaíochtaí a úsáideann múinteoirí sa seomra ranga. Tá eolas ann ar mheasúnacht agus ar an tábhacht a bhaineann le foghlaim sa bhaile freisin.
- Déanann **Cuid B** cur síos do thuismitheoirí ar céard a fhoghlaimíonn a leanaí sna sé réimse i gCuraclam na Bunscoile ag gach ceann de na ceithre leibhéal ranga: naíonáin, rang 1/2, rang 3/4 agus rang 5/6. Luann sé bealaí praiticiúla inar féidir le tuismitheoirí cabhrú lena leanaí foghlaim sa bhaile freisin.
- Ligeann **Cuid C** do scoileanna a bhfaisnéis féin a chur isteach más maith leo: uimhreacha teagmhála, dátaí don dialann, socruithe do chruinnithe tuismitheora/ múinteora, srl.

### Cár féidir liom teacht air?

Tá an leabhrán/bhileog eolais ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag **www.ncca.ie.** Féadann scoileanna é a úsáid ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, is féidir an leabhrán iomlán a íoslódáil, a chóipeáil agus a chló agus é a thabhairt do thuismitheoirí uile na scoile (b'fhéidir go n-oirfidh sé sin do scoileanna beaga agus scoileanna ina múineann múinteoir amháin dhá rang nó níos mó sa seomra céanna). Má tá do scoilse níos mó, b'fhéidir go mbeadh cuid B, ina bhfuil an bhileog eolais faoi fhoghlaim leanaí ag leibhéal ranga ar leith, níos oiriúnaí. Is féidir í a chóipeáil agus a thabhairt do thuismitheoirí na leanaí sna ranganna ábhartha, in éineacht le cuid A a thugann faisnéis níos ginearálta faoin gcuraclam.

Tugann an leathanach acmhainne ar láithreán gréasáin na CNCM comhairle agus cabhair duit socrú conas é a úsáid agus conas faisnéis a chur leis agus é a oiriúnú do do scoil féin. Taispeánfaidh sé eiseamláir de bhileog nó leabhrán eolais oiriúnaithe duit freisin.

Fáiltíonn an CNCM roimh aiseolas uaibh faoi úsáid an DVD, na mbileoga eolais agus/nó an leabhráin. Déan teagmháil linn ag **newsletter@ncca.ie** nó glaoigh ar 01-6617177. Cabhróidh an t-aiseolas linn an acmhainn a fheabhsú don bhliain seo chugainn, agus mar sin táimid ag tnúth le cloisteáil uaibh

# Difreáil

## Ag freastal ar riachtanais gach foghlaimeora

Níl na scoláirí uile cosúil le chéile. Tá a fhios sin ag múinteoirí agus bíonn sé ar ár n-aigne againn agus sinn ag múineadh – is bailiúchán d'indibhidí é gach grúpa ranga i ndáiríre. Mar sin, bíonn dhá aidhm éagsúla le baint amach againn sa teagasc laethúil – grúpa ranga a theagasc agus tacú le foghlaimeoirí aonair ag an am céanna. Nuair a chabhraímid le duine aonair i ngrúpa, bíonn **difreáil** ar bun againn. Baineann difreáil **le haon straitéisí a chabhraíonn le múinteoir imeacht ó 'mheán an ghrúpa a theagasc',** pé acu an rang sruthaithe é nó nach ea. Ní chuirimid ceist ar scoláire áirithe go randamach; ní roghnaímid duine chun léamh nó labhairt i rang teanga go randamach; agus, gan amhras, ní thugaimid aiseolas tacúil d'fhoghlaimeoirí go randamach. Is léiriú iad na gníomhaíochtaí teagaisc sin, a dhéanaimid go neamh-chomhfhiosach beagnach, ar na hinstinní atá againn maidir le difreáil teagaisc.

Faoi láthair, tá sé an-suimiúil smaoineamh ar na bealaí éagsúla ina bhfuil feasacht againn ar dhifríochtaí sna grúpaí a mhúinimid. Bíonn scoláirí éagsúil óna chéile mar thoradh ar a bhfoghlaim nó a réamheolas (an méid a thugann siad chuig gach ceacht nua), a n-ullmhacht chun foghlama, a n-inniúlacht maidir le teangacha, a roghanna maidir le stíleanna foghlama éagsúla, agus a spéiseanna pearsanta féin. Toisc go bhfuil sochaí na hÉireann éirithe níos ilghnéithí le deireanas, tá raon difríochtaí níos leithne againn anois; scoláirí ó ghrúpaí eitneacha éagsúla, ó chúlraí socheacnamaíocha éagsúla, ó theaghlaigh nach bhfuil Béarla ná Gaeilge mar mháthairtheanga iontu agus a bhfuil riachtanais oideachais an-éagsúil acu. Mar sin, tá sé tábhachtach dúinn smaoineamh go foirmiúil ar an teagasc (agus foghlaim ár scoláirí) a dhifreáil.

**Ar dtús,** is é an bealach is éasca smaoineamh ar dhifreáil ná mar chur chuige teagaisc agus foghlama a spreagann sinn chun rudaí éagsúla a dhéanamh i dtrí príomhréimse:

- **ábhar** – an 't-ábhar' a roghnaímid le cur i láthair na scoláirí nó a úsáidimid leo
- **próiseas** - na modhanna agus na gníomhaíochtaí a úsáidimid chun deiseanna a thabhairt do scoláirí an t-ábhar a chleachtadh agus a fhoghlaim
- **toradh** – an bealach a thaispeánann scoláirí a bhfoghlaim dúinn (áirítear measúnachtaí éagsúla air sin).

Agus a fhios againn go ndéanaimid ár dteagasc a dhifreáil go nádúrtha agus le hinstinn, is fearr dúinn smaoineamh ar na rudaí a chabhraíonn linn difreáil éifeachtach a dhéanamh. Is é an chéad bhealach, agus an bealach is tábhachtaí, b'fhéidir, ná **feasacht a bheith againn ar na scoláirí atá á dteagasc againn** níos mó ná ar an ábhar teagaisc. Is léir go bhfaighimid formhór ár n-eolais faoi láidreachtaí agus riachtanais ár scoláirí trí mheasúnú - breathnú, gníomhaíochtaí inranga, obair bhaile, tástálacha, scrúduithe, agus mar sin de. Bealach amháin a úsáideann múinteoirí chun aithne a chur ar a scoláirí ar shlí níos tapúla (tá sé seo úsáideach go háirithe agus tú ag tosú amach le grúpa ranga nua) ná tasc a thabhairt dóibh a chabhróidh leo aithne a chur orthu féin! Is éard atá á lorg agat ná eolas ar:

- a n-eispéiris fhoghlama go dtí seo (céard atá ar eolas acu nó ar féidir leo a dhéanamh)
- a spéiseanna (cad is maith leo agus a dtallanna)
- a bpróifíleacha foghlama (conas agus cathain is dóigh leo is fearr a fhoghlaimíonn siad).


## Eiseamláir

Luann an t-eiseamláir seo a leanas roinnt bealaí tipiciúla le difreáil a dhéanamh. Is í an aidhm atá leis ná roinnt féidearthachtaí a léiriú do chuir chuige éagsúla teagaisc agus foghlama do na scoláirí uile. Is grúpa ranga d'inniúlacht mheasctha é le 28 scoláire idir dhá bhliain déag agus trí bliana déag d'aois; rang a sé sa bhunscoil nó an chéad bhliain san iarbhunscoil.

Roinneann an múinteoir an rang i gceithre ghrúpa d'inniúlacht mheasctha, agus tuairim is seachtar scoláire i ngach grúpa.

### Difreáil trí stíl teagaisc

Cinntíonn an múinteoir go mbíonn taithí ag scoláirí ar stíleanna éagsúla teagaisc agus foghlama. Roinneann sí am an ranga i gcodanna ar chomhfhad agus athraíonn sí an t-eispéireas teagaisc agus foghlama mar seo:




info@ncca

# Roghchlár tascanna Tic-Tac-Toe

Tá an stráitéis roghchlár tascanna Tic-Tac-Toe éasca le húsáid ag leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile agus pleanáil ábhair nó difreáil obair bhaile ar bun. Is meabhrúchán tábhachtach dúinn é ar na bealaí éagsúla inar féidir ábhar foghlama a oscailt suas.

| | | |
|---|---|---|
| **Déan rud éigin**<br>Déan múnla, dearadh, bailiúchán d'iarsmaí, píosa ealaíne de ghné de do chuid staidéir. | **Comparáid**<br>Múin rud éigin atá foghlamtha agat do dhuine eile nó don rang. | **Múin nó taispeáin**<br>Roghnaigh gnéithe difriúla de do chuid staidéir agus déan comparáid eatarthu. Aimsigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí. |
| **Oireas cruthaitheach**<br>Grianghraif, fístéip, colláis de d'obair le haghaidh cuir i láthair. | **Graf**<br>Déan oireas amhairc ar ghnéithe do chuid oibre. | **Taispeáin**<br>Tabhair taispeántas chun a bhfuil foghlamtha agat a léiriú. |
| **Suirbhé**<br>Bailigh dearcaí daoine, mothúcháin faoi fhíric, smaoineamh nó gné do chuid staidéir | **Déan dráma**<br>Ullmhaigh dráma beag bunaithe ar rud éigin atá foghlamtha agat. | **Tuar**<br>Smaoinigh ar an todhchaí. Cad iad na hathruithe a thiocfaidh ar d'ábhar sna 10 mbliana romhainn? |

- **teagasc an ranga iomláin** ar dtús agus plé chomh maith
- **obair phiara/ghrúpa** ar ghnéithe éagsúla d'ábhar
- **cur i láthair scoláirí** (scoláire mar mhúinteoir)
- **teagasc faoi threoir mhúinteora,** do ghrúpaí beaga

Cabhraíonn athruithe ar stíl teagaisc scoláirí le láidreachtaí agus stíleanna foghlama éagsúla a chuimsiú.

## Teagasc an ranga iomláin

Cuireann an múinteoir ábhar i láthair agus taispeánann sí don rang uile é, glacann sí le ceisteanna agus éascaíonn sí díospóireacht. Mar sin is féidir léi béim a leagan ar phríomhsmaointe agus chuspóirí an ranga.

## Obair phiara/ghrúpa

Anois, oibríonn na grúpaí éagsúla ar thascanna ar chártaí a dháileann an múinteoir. Toisc gurb ionann na chéad tascanna (fadhbanna/ceisteanna) ar gach cárta, oibríonn gach grúpa ar an ábhar céanna ar feadh tamaill. Tá na tascanna níos déanaí ar na cártaí éagsúlaithe de réir leibhéal inniúlachta gach grúpa. Níl an múinteoir ag súil go gcomhlíonfaidh gach scoláire in aon ghrúpa na tascanna uile.

Tá eagrú na hoibre grúpa suimiúil freisin. Tugtar cártaí a luann a ról sa ghrúpa do na scoláirí. Duine ag taifeadadh, duine ag ceistiú, duine freagrach as na freagraí deireanacha a thugann siad mar ghrúpa, duine ag seiceáil obair na ngrúpaí ag na boird eile.

Tosaíonn gach cuid le cluiche nó pusal nasctha leis an ábhar agus deartha ag an múinteoir. Ansin, tugtar líon beag fadhbanna amach do gach grúpa agus is féidir le baill uile an ghrúpa comhoibriú orthu agus comhaontú ar na freagraí. Déanann an múinteoir monatóireacht ar an gcéim seo trí dhul ó ghrúpa go grúpa; tugann sí an tacaíocht is mó do na grúpaí leis na leibhéil inniúlachta is ísle chun a chinntiú go dtuigeann siad na tascanna.

## Cur i láthair scoláirí

Déanann duine ainmnithe ó gach grúpa bileog freagraí grúpa eile a sheiceáil, agus breacann an múinteoir síos na torthaí. Tabharfaidh an scoláire atá freagrach as obair ghrúpa eile a sheiceáil an bhileog oibre 'ceartaithe' ar ais, taispeánfaidh sé nó sí na botúin atá air, agus míneoidh sé nó sí iad.

## Teagasc faoi threoir mhúinteora

Tar éis oibriú ar na freagraí a thug an 'fhoireann' ar na fadhbanna, déanann na scoláirí tascanna aonair atá ar a mbileoga oibre. Agus é sin ar siúl, agus má cheapann sí go bhfuil gá leis, tugann an múinteoir grúpa amháin nó níos mó go limistéar ar leithligh den seomra (lena chlár dubh beag féin) chun teagasc a dhéanamh bunaithe ar na botúin a bhí i roinnt de na cártaí oibre.

## Ar ais chuig teagasc an ranga iomláin

Críochnaíonn an rang le hathbhreithniú ar an gceacht faoi threoir an mhúinteora, ag teacht ar ais chuig príomhsmaointe agus próisis, agus obair bhaile. Féadtar na tascanna obair bhaile a dhifreáil chun freastal ar leibhéil inniúlachta éagsúla na scoláirí.

Mar a fheiceann tú ón gcur síos gairid sin, tá teagasc difreálaithe an mhúinteora i gcónaí faoi threoir measúnachta agus monatóireachta ar obair scoláirí i ngrúpaí níos lú. Tá sí ag dul i ngiorracht do na scoláirí aonair, agus laghdaítear ar an méid ama a chaitheann sí ar theagasc an ranga iomláin. Mar thoradh ar eagrú a seomra ranga, bhí baint aici le roinnt príomhréimsí den difreáil a léiríonn conas is féidir é a dhéanamh in a lán gnéithe den teagasc, ó phleanáil cheachtanna, eagrú an tseomra ranga, go measúnacht. Léiríonn sé dúinn gur féidir ábhar foghlama a oscailt suas ar go leor bealaí éagsúla.

Is réamhrá ginearálta an t-alt seo ar 'dhifreáil'. Beimid ag cur níos mó eiseamláirí de chleachtas seomra ranga ar fáil in eagráin sa todhchaí. Mar sin, coinnigh súil amach dó. Agus, má tá aon réimse ar leith ar mian leat léamh faoi, abair linn é.

# Athbhreithniú ar ábhair na sraithe sinsearaí

## Obair tosaithe ar ábhair Chéim a hAon agus na cúrsaí gearra

Tar éis bliana a chaitheamh ag ullmhú, tá an CNCM réidh chun ábhair Chéim a hAon agus na cúrsaí gearra (féach an tábla thíos) a fhorbairt mar chuid d'fhorbairt churaclaim na sraithe sinsearaí iarbhunscoile.

Tá Boird Staidéir ann do na réimsí seo a leanas:

- Ealaíona agus Daonnachtaí
- Teangacha
- Eolaíocht
- Matamaitic

Buailfidh na boird sin le chéile le linn Meán Fómhair agus go luath i nDeireadh Fómhair chun tosú ar an obair. Ina dhiaidh sin, tionólfar na chéad chruinnithe de choistí cúrsa na n-ábhar bainteacha. Buailfidh na coistí do chúrsaí gearra agus aonaid idirthréimhseacha le chéile i mí Mheán Fhómhair freisin.

## Comhábhair Churaclaim de Chéim a hAon

| Ábhair atá le hathbhreithniú | Ábhair nua | Cúrsaí gearra | Aonaid idirthréimhseacha (roinnt eiseamláirí) | Forbairtí eile |
|---|---|---|---|---|
| Matamaitic | Oideachas Sóisialta agus Polaitíochta | Fiontraíocht | Géineolaíocht agus Biteicneolaíocht | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| Matamaitic Fheidhmeach | Corpoideachas | Teicneolaíocht Ceoil | Léann Clasaiceach | Creat Corpoideachais |
| Gaeilge | | Teicneolaíocht Ealaíne | Taibh-Ealaíona | |
| Béarla | | Feidhmchláir Mhatamaiticiúla | Socheolaíocht na Teilifíse Réaltachta | |
| Nuatheangacha | | Síceolaíocht | Meitéareolaíocht | |
| Bitheolaíocht | | | Spórt | |
| Ceimic | | | Eolaíocht | |
| Fisic | | | Eolaíocht Dlí | |
| | | | Dearadh, Ceardaíocht agus Teicneolaíocht | |
| | | | Léann an Chultúir Éireannaigh | |

### Céard a bheidh i gceist in athbhreithniú na n-ábhar?

Cé nach bhfuilimid ag súil le hathruithe móra ar a bhfuil cuimsithe i bhformhór na n-ábhar, táimid ag iarraidh athrú suntasach a dhéanamh ar thaithí na scoláirí ar an ábhar. Mar thoradh ar an gcur chuige sin, beidh deis ag coistí cúrsa siollabais a nuashonrú nuair is gá. Beidh an bhéim ar ábhar atá as dáta a bhaint amach agus ní ar ábhar nua a chur isteach.

Is iad seo na **príomhréimsí** a dtabharfar aghaidh orthu in athbhreithniú na n-ábhar:

- nuashonrú riachtanach an tsiollabais
- an siollabas a chur i láthair i dtéarmaí torthaí foghlama
- príomhscileanna a bhunú i ngach siollabas agus smaoineamh faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na scileanna sin ar theagasc agus foghlaim an ábhair
- leithroinnt ama do theagasc an ábhair – an bhfuil an iomarca sa siollabas?
- an bhfuil an siollabas oiriúnach do scoláirí Gnáthleibhéil? An féidir feabhas a chur ar thaithí scolairí Gnáthleibhéil ar an ábhar?
- na socruithe measúnachta reatha agus moltaí ar a bhfeabhsú. Moltar dhá imeacht measúnachta a bhunú do gach ábhar.

Tá ábhar nua, Oideachas Sóisialta agus Polaitíochta, á fhorbairt agus déanfaidh Bord Staidéir na nEalaíon agus na nDaonnachtaí é a mheas.

### Cúrsaí gearra agus aonaid idirthréimhseacha.

Le linn na chéad céime, measfaidh an coiste cúrsaí gearra féidearthacht chúrsaí a fhorbairt i bhFiontraíocht, Teicneolaíocht Cheoil, Teicneolaíocht Ealaíon, Síceolaíocht agus Feidhmchláir Mhatamaiticiúla. Tá aonaid idirthréimhseacha samplacha, a bheidh ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM i mí Dheireadh Fómhair, forbartha cheana féin.

### Meabhrúchán tábhachtach

Tá ionadaíocht ag gach múinteoir ar na Boird Staidéir (Ionadaithe Ceardchumainn Múinteoirí) agus ar na coistí cúrsa (Ionadaithe Ceardchumainn Múinteoirí agus Cumainn Ábhar). Mar sin ní mór duit fanacht i dteagmháil le d'eagraíochtaí ionadaíochta chun a chinntiú go n-éistear leat le linn na bhforbairtí sa tSraith Shinsearach.

Beidh **níos mó faisnéise** ar fáil de réir mar a théann an obair ar aghaidh ar **www.ncca.ie/seniorcycle.** Beidh fóram ar fáil ann ar a mbeidh tú ábalta do thuairimí a thabhairt ar céard ba chóir a dhéanamh le d'ábhar sa todhchaí.

info@ncca

# An domhan in ár scoilne

## Ag tacú le páistí ó chúlraí ilghnéitheacha

### Ilchultúrach, idirchultúrtha, mionlach eitneach, ilghnéitheacht cultúr, ilchiníoch...

Tá úsáid na bhfocal seo i bhfoilseacháin éagsúla chun cur síos ar dhaonra na hÉireann, atá ag éirí níos ilghnéithí, méadaithe le blianta beaga anuas. Agus níl aon dabht ná go bhfuil tusa, mar mhúinteoir nó príomhoide, ag fáiltiú roimh scoláirí nuathagtha chuig do sheomra ranga nó scoil! Ach conas is féidir leat tacú agus glacadh leis na hathruithe seo i ndaonra na hÉireann? Léigh leat ar roinnt stráitéisí úsáideacha a chabhróidh leat tosú.

### Cruthaigh timpeallacht scoile atá fáilteach agus uilechuimsitheach

Seo roinnt smaointe a chabhróidh leat scoil níos uilechuimsithí agus níos idirchultúrtha a chruthú.

- Bunaigh taispeántais scoile a léiríonn raon na dteangacha agus na gcultúr i do scoilse.
- Comhtháthaigh oideachas idirchultúrtha trasna Churaclam na Bunscoile. Forbair cóid frithbhulaíochta agus frith-idirdhealaithe mar chuid de chód iompair na scoile. D'fhéadfá, mar shampla, cairt scoile a cheiliúrann ilghnéitheacht agus a chothaíonn comhionannas a bhunú. Tugann cairt scoile forléargas ar chearta na bpáistí i do scoil agus féadfaidh siad a bheith páirteach ina forbairt. Bain úsáid as Dearbhú Uilíoch na NA ar Chearta an Duine nó an Coinbhinsiún ar Cheart an Linbh mar threoir (féach eiseamláir ar leathanach 66 d'*Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil: Treoirlínte do Scoileanna)*.
- Cuir am ar leataobh do chomhphleanáil idir na múinteoirí ranga agus na múinteoirí tacaíochta.

### Spreag rannpháirtíocht na dtuismitheoirí

Cruthaigh agus cothaigh teagmháil idir tuismitheoirí agus múinteoirí agus idir tuismitheoirí agus an scoil trína rannpháirtíocht i saol na scoile a spreagadh.

- Tabhair cuireadh do thuismitheoirí teacht agus cabhrú sa seomra ranga, m.sh. tríd an gceol nó na hamharcealaíona
- Tabhair cuireadh do thuismitheoirí cabhrú le comhfhreagras do thuismitheoirí a aistriú chuig a máthairtheangacha.
- Smaoinigh ar na leibhéil litearthachta éagsúla, i dteannta na héagsúlachta cultúir agus teanga, agus cumarsáid ar bun le tuismitheoirí.

### Tacaigh le foghlaim teanga

Tá roinnt bealaí inar féidir leat cabhrú le páistí ó chúlraí éagsúla a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise acu. I do sheomra ranga:

- úsáid pictiúir/grianghraif/póstaeir agus mar sin de a léiríonn raon d'eitneachais
- cuir faisnéis ar taispeáint faoi áiteanna breithe na bpáistí agus na teangacha a labhraíonn siad
- cuir comharthaí agus fógraí agus frásaí a úsáidtear go minic i rith an lae scoile ar taispeáint i dteangacha na bpáistí
- seiceáil go bhfuil acmhainní leabharlainne agus seomra ranga cuí d'aois na leanaí ar fáil i raon teangacha.

### Seomra ranga fáilteach

Déan iarracht ón tús timpeallacht théagartha, fháilteach, dhearfach a chruthú i do sheomra ranga do pháistí aonair.


- Foghlaim conas ainmneacha páistí a rá i gceart.
- Faigh amach faoin teanga/faoi na teangacha a labhraíonn siad agus a leibhéil inniúlachta.
- Déan iarracht roinnt frásaí tábhachtacha ina máthairtheanga a fhoghlaim.
- Faigh amach an creideamh atá acu agus an cleachtadh creidimh a bhíonn i gceist.
- Déan taighde ar aon chleachtais chultúir a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar idirghníomhaíocht na bpáistí sa seomra ranga.
- Bain úsáid as obair ghrúpa chomh minic agus is féidir.
- Bain úsáid as geáitsí chun gníomhartha agus gníomhaíochtaí a mhíniú.
- Cuir am i leataobh do léitheoireacht neamhspleách agus treoraithe.
- Bunaigh córas cairde i do sheomra ranga a spreagfaidh na páistí chun tacú agus cabhrú lena chéile ina bhfoghlaim teanga.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar conas tacú leis an bpobal de dhaltaí nua-thagtha i do scoil agus i do sheomra ranga, téigh chuig **www.ncca.ie/publications** agus féach trí *English as an Additional Language in Primary Schools: Guidelines for Teachers* nó ar do chóip d'*Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil: Treoirlínte do Scoileanna.* Tá ábhair phraiticiúla thacaíochta ar líne ag Integrate Ireland Language and Training (IILT) ag **www.iilt.ie.**












# Chun na hÍsiltíre linn



## Ar ais ar scoil san Ísiltír

Meán Fómhair, agus tú ar ais ar scoil. Rí-ghnóthach cheana féin? Agus tú ag ullmhú go tapa don chéad ghrúpa eile de scoláirí chéad bliana, ar smaoinigh tú riamh: *'Cé a dhéanann formhór na hoibre anseo?'* agus *'Cé ar chóir dóibh formhór na hoibre a dhéanamh?'* An dtuigtear duit go bhfuil tú ag obair níos déine agus níos déine, agus níos lú agus níos lú oibre á déanamh ag na scoláirí? B'fhéidir go bhfuil sé mar an gcéanna i ngach áit – nó an bhfuil? Más múinteoir san Ísiltír thú, mar shampla, cé na hionchais a bheadh agat do Mheán Fómhair 2006?

Nuair a thosaíonn lucht na chéad bhliana san iarbhunscoil san Ísiltír, bíonn siad roinnte i dtrí ghrúpa cheana féin bunaithe ar thástálacha caighdeánaithe sa bhunscoil: grúpa réamhghairmiúil, grúpa oideachais ghinearálta agus grúpa réamhollscoile. Críochnaíonn gach grúpa oideachas iarbhunscoile bunúsach comhchosúil ar feadh trí bliana, ach as sin amach leanann siad cláir éagsúla, le cáilíochtaí éagsúla mar thoradh orthu.

Níl aon scrúdú stáit ag deireadh na tríú bliana (níos lú brú ortsa – ach níos lú spreagtha dóibh!). Conas a choinnítear caighdeáin arda? Le cigirí na hAireachta Oideachais a sheiceálann scoileanna chun a chinntiú go mbaineann scoláirí na spriocanna foghlama riachtanacha amach i ngach ábhar.

Athróidh rudaí sa scoilbhliain 2006/2007 nuair a tabharfaidh an Ísiltír sraith de leasuithe oideachais isteach. Roinnt blianta ó shin, chinn athbhreithniú ar oideachas iarbhunscoile bunúsach:

- go raibh an iomarca sa churaclam agus é scartha óna chéile
- bhí níos mó agus níos mó oibre á déanamh ag múinteoirí, agus níos lú agus níos lú á déanamh ag scoláirí...ní raibh siad ag glacadh freagrachta as a gcuid foghlama
- bhí an curaclam chomh dírithe ar ábhair nach raibh na scoláirí ag forbairt scileanna tábhachtacha réitigh fadhbanna, obair foirne agus cumarsáide.

Bhí an fhreagairt pragmatach, mar is dual don Ísiltír. Ritheadh dlí chun an curaclam éigeantach a laghdú de thrian, agus tugadh féinriail agus acmhainní do scoileanna chun an timpeallacht teagaisc agus foghlama a eagrú mar ba mhian leo (ach an curaclam lárnach a chlúdach). Chuir an ghníomhaireacht curaclaim SLO ceithre mhúnla pleanála ar fáil do scoileanna.

### Múnlaí 1 agus 2

Níl mórán athruithe iontu seo do scoileanna. Tá ábhair fós mar phríomhghné an chláir ama agus leantar leis an teagasc ábharbhunaithe. Toisc nach bhfuil na spriocanna foghlama sa churaclam nua chomh dírithe ar ábhair, áfach, beidh ar mhúinteoirí comhoibriú níos mó chun a chinntiú nach dtagann siad salach ar a chéile sa teagasc. Déanfaidh scoláirí níos mó tionscadal traschuraclaim, agus mar sin beidh orthu a bheith níos baintí le pleanáil agus eagrú a gcuid foghlama.

### Múnla 3

Tá scoil Múnla 3 an-éagsúil ar fad ó thaobh an chuir chuige foghlama agus an fhoirgnimh scoile de. In áit rang de ghnáthmhéid de 20+ scoláire, múineann tú 60 scoláire! Bhuel, ní leat féin agus ní i 'do' sheomra ranga féin. Briseadh síos roinnt ballaí seomra ranga chun 'limistéir fhoghlama' a chruthú, le spás oscailte inar féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh i ngrúpaí de cheathrar, limistéar faoi ghloine do theagasc grúpa agus roinnt ríomhairí. Tá oifig ann a roinneann an múinteoir le cúntóir agus comhordaitheoir seomra ranga. Treoraíonn siad seo na scoláirí ina gcuid oibre. Caithfidh tú 50 nó 100 nóiméad sa limistéar foghlama agus cinneann tú ar an méid ama a chaithfidh tú ag múineadh ábhar agus ag obair le scoláirí aonair nó i ngrúpaí de cheathrar. Tugann tú do phlean oibre agus do thascanna don chomhordaitheoir ranga a dhéanann amach sceideal seachtainiúil do



na scoláirí. Ní mór do na scoláirí glacadh le freagracht phearsanta as a dtascanna i ngach ceann dá n-ábhair a chríochnú faoi dheireadh na seachtaine. Cé go mbíonn na seomraí ranga níos fothromaí ná in Éirinn, de ghnáth críochnaíonn scoláirí a gcuid tascanna, chun obair bhaile a sheachaint ar a laghad!

## Múnla 4

Tá Múnla 4 chomh héagsúil gur deacair é a thuiscint fiú. An chéad rud a thugann tú faoi deara ná go bhfuil níos mó scoláirí agus múinteoirí sa limistéar foghlama - suas le 150 scoláire sa ghrúpa ranga! Ar an dea-uair, níl tú i d'aonar. Oibríonn tú i bhfoireann deichniúir – cóimheas scoláirí/duine fásta 15 go 1. Tá seisear múinteoirí ann agus triúr cúntóirí seomra ranga. Cuirtear d'fhoireann le chéile go cúramach chun a chinntiú go bhfuil saineolas sna réimsí curaclaim riachtanacha uile ar fáil do scoláirí. Ní oibreoidh tú féin agus do chomhghleacaithe ach le grúpa ranga amháin ar feadh bliana ar a laghad! Leanann an lá oibre ó 8.30 – 5.00pm agus ní mór duit 40% den am sin a chaitheamh i dteagmháil dhíreach le scoláirí, agus an chuid eile i mbun pleanála agus freastail ar chúrsaí forbartha gairmiúla.

Bíonn na limistéir fhoghlama oscailte i scoileanna Múnla 4 eagraithe in 'oileáin' – deasca scoláirí le ríomhairí, i gciorcail. Níl aon téacsleabhair ach tá leabharlann tagartha lán ann. Tá 'seomra ciúin' beag ar fáil don staidéar. Leanann scoláirí téamaí in áit ábhar. Roghnaíonn tú féin agus an chuid eile den fhoireann teagaisc na téamaí go cúramach ionas go mbíonn ar scoláirí eolas a bhailiú ó réimsí staidéir éagsúla. Bíonn roinnt príomhchéimeanna i ngach téama agus bíonn ar na scoláirí dul i gcomhairle leat fúthu. Mar sin, féachann tú ar obair gach scoláire ó am go ham agus ligeann tú dó/di dul ar aghaidh leis, nó iarrann tú air/uirthi stopadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar obair a rinneadh cheana.

Tá cur chuige an-suimiúil i scoileanna Mhúnla 4 maidir le foghlaim teangacha. Díríonn scoláirí ar theanga iasachta amháin i ndianchlár ceithre leathlá in aghaidh na seachtaine ar feadh 12 seachtaine. Ina dhiaidh sin, téann scoláirí ar aghaidh chuig teanga eile, agus mar sin de.

Mar sin, braitheann do thaithí oibre san Ísiltír ar an scoil a múineann tú inti, agus an múnla ar ghlac sí leis. Suimiúil nach bhfuil? Ach ní fhéadfaí é a dhéanamh in Éirinn. Nó, an bhféadfaí?



# info@ncca

## Ag scrúdú na saincheisteanna

**Nuair a thosaigh an fhoireann eagarthóireachta ag ullmhú an eagráin seo de info@ncca, ní rabhamar chomh neirbhíseach agus a bhíomar le heagráin eile. Bíonn tionscadail nua scanrúil i gcónaí, agus an chúis imní ba mhó a bhí againn ná nach rabhamar cinnte an raibh ábhar léitheoireachta á chur ar fáil againn a bhí a) bainteach le hábhar b) suimiúil agus c) dea-scríofa. Tuigimid níos fearr anois céard a theastaíonn uaibh, mar d'inis sibh dúinn é nuair a rinneamar taighde i scoileanna timpeall na tíre.**

**Ár mbuíochas leis na múinteoirí uile a ghlac páirt sa taighde a rinne tnsmrbi agus roinnt dár n-oifigigh oideachais pháirtaimseartha. Bhí na torthaí suimiúil agus spreagúil agus chuir cuid acu ionadh orainn. Tá a fhios againn ó fhormhór na múinteoirí a bhfuil an nuachtlitir léite acu**

- go dtaitníonn dearadh agus leagan amach an fhoilseacháin leo
- go mbraitheann siad go bhfuil gá le foilseachán mar seo
- go bhfáiltíonn siad roimh an gcur chuige praiticiúil in a lán de na hailt agus go mba mhaith leo níos mó de a fheiceáil
- go mbaineann siad taitneamh as na 'Nuashonraí', na hailt ar mheasúnú chun foghlama, idirchultúrachas (féach an t-eagrán seo) agus ábhair churaclaim agus mheasúnachta eile.

In ainneoin an iarrachta a rinneamar léitheoirí a spreagadh chun glacadh leis an bhfócas lárnach d'fhorléargas ar an bhfoghlaimeoir, fiú ag fáil réidh leis na teorainneacha bunscoile iarbhunscoile, tá drogall fós ar mhúinteoirí iarbhunscoile spéis a chur i saincheisteanna bunscoile. Ar an taobh eile, is cosúil go mbaineann múinteoirí bunscoile taitneamh as an meascán d'ailt in info@ncca.

Dúshlán eile don fhoireann ná éagsúlacht an tsoláthair ríomhairí i scoileanna agus i litearthacht ríomhaire na múinteoirí. Bhraith roinnt freagróirí nár chóir dúinn an iomarca tagartha a dhéanamh d'acmhainní ar líne nó d'úsáid TFC sa seomra ranga dá bharr. Is saincheist chasta í, agus déanfaimid iarracht teacht ar réiteach éigin trí thagairt a dhéanamh do roghanna nach bhfuil ar líne agus nach mbaineann le TFC nuair is ann dóibh, in áit tagairtí d'acmhainní ar líne a laghdú. Braithimid go bhfeabhsóidh an soláthar ríomhairí sna scoileanna agus leibhéil na litearthachta ríomhaire i measc múinteoirí, agus go mbeidh rochtain ag gach duine ar ábhar ar líne diaidh ar ndiaidh. Mar sin féin, cuirfimid fáilte roimh bhur ndearcaí mar tá an díospóireacht inmhéanach faoin scéal ar siúl fós.

Nuair a rinneadh an taighde, bhí Eagráin 1 agus 2 scaipthe ar scoileanna. Dúirt a lán múinteoirí ar cuireadh agallaimh orthu nár shroich info@ncca barr an charnáin ar bhord an tseomra foirne, agus tá a fhios againn go bhfuilimid in iomaíocht lena lán foilseachán eile.

Dúirt go leor agaibh go dtaitneodh cóip pearsanta sa phost libh, ach cé go mba bhreá linn a bheith in ann é sin a dhéanamh, bheadh sé ró-chostasach. Sular scaipeadh an t-eagrán seo is dócha go bhfaca tú póstaer ar bhalla an tseomra foirne nó áit éigin eile, á mheabhrú duit go mbeadh sé chugat gan mhoill. Má tá aon mholtaí eile agat ar conas is féidir linn bhur dteachtaireacht a chur chun cinn, abair linn é.

Tá a fhios againn anois go bhfuil sibhse chomh tógtha le léamh faoi fhorbairtí sa churaclam agus sa mheasúnacht agus atáimid féin maidir libhse a choinneáil ar an eolas fúthu.

### Mar sin, aon mholtaí eile?

